



## Cuid 2 Sonraí do pháiste nó do pháistí

Céadainm:	Sloinne:	Dáta breithe: (ll/mm/bbbb) Mar shampla: 05112014	Inscne: (Cuir tic le do thoil)	Uimhir UPSP: Mar shampla: 1112222CW
		0 5 1 1 2 0 1 4		1 1 1 2 2 2 2 C W
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	
		L L M M B B B B	<input type="checkbox"/> F <input type="checkbox"/> B	

## Cuid 3 Rogha DG

Iarr ar do rogha dochtúir teaghlaigh (DG) an chuid seo den fhoirm a líonadh.

Tá liosta de na DG atá páirteach sa scéim le fáil ar [www.gpvisitcard.ie](http://www.gpvisitcard.ie) nó cuir glaoch ar Íosghlao 1890 252 919. Má tá do pháiste (nó páistí) ag freastal ar DG difriúil, beidh ort foirm chlárúcháin ar leith a líonadh do gach páiste agus síniú na ndochtúirí ar leith a fháil ar an bhfoirm chuí.

Ainm an DG:


Uimhir GMS:

--	--	--	--	--

Seoladh an chleachtais:


Toilím seirbhísí leighis a chur ar fáil don duine atá ainmnithe ar an bhfoirm seo.

Síniú an DG:

Stampa GMS anseo:

## Cuid 4A Cosaint Sonraí (Tá an chuid seo roghnach)

Toilím gur féidir leis an Dochtúir Teaghlaigh eolas faoi shláinte mo pháiste nó páistí (a bhaileofar le linn tástálacha ar nós tástálacha asma nó leasa) a roinnt le FnaSS chun críche taighde agus pleanála.

Cuir tic le do chead a thabhairt, más é do thoil é.

## Cuid 4B Dearbhú agus Toiliú

Tá sé de cheart ag FnaSS athbhreithniú nó athrú a dhéanamh ar incháilitheacht do pháiste (nó páistí) do Chárta Cuairte DG Faoi 6 ag aon am, mar shampla má thagann athrú ar stádas cónaitheachta do pháiste (nó páistí)

### Dearbhú agus Toiliú

Léigh na ráitis seo más é do thoil é. Má aontaíonn tú leo, sínigh an fhoirm thíos.

Déanaim iarratas ar Chárta Cuairte DG do mo pháiste (nó páistí) faoi 6 bliana d'aois.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam mar chuid den iarratas seo cruinn chomh fada le m'eolas.

Aontaím go n-inseoidh mé láithreach do FnaSS má tharlaíonn aon athrú a d'fhéadfadh cur isteach ar incháilitheacht mo pháiste (nó páistí) do Chárta Cuairte – Faoi 6.

Glacaim leis nuair a bheidh FnaSS ag meas na h-incháilitheachta gur féidir léi dul i dteagmháil le Ranna Stáit eile, ina measc An Roinn Coimirce Sóisialaí, Na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Dlí chun an t-eolas a thug mé a dhearbhu.

Glacaim leis go mbainfear úsáid as aon sonraí sláinte leanaí a bhailíonn FnaSS ar mhaithe le seirbhís sláinte a chur ar fáil. Is eol dom freisin go bhféadfadh FnaSS sonraí comhiomlánaithe anaithnid a roinnt ar mhaithe le pleanáil agus taighde sláinte agus go ndéanfar amhlaidh de réir ár ndualgas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2003.

Dearbhaím gur mé tuismitheoir nó caomhnóir an pháiste (nó páistí) atá liostaithe thuas.

Sínigh anseo,  
más é do thoil é: \_\_\_\_\_

Dáta:

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

## Cabhair agus eolas

### Cé ar féidir leis iarratas a dhéanamh ar Chárta Cuairte DG do Pháistí faoi 6?

Is féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí páistí faoi 6 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann nó a bhfuil sé ar intinn acu cónaí ann ar feadh bliana amháin, ar a laghad, iarratas a dhéanamh lena bpáiste (nó páistí) a chlárú do Chárta Cuairte DG – Faoi 6

### Cad iad na sonraí atá ag teastáil leis an bhfoirm seo a líonadh?

Líon an cheithre chuid den fhoirm seo.

1. Sonraí an Tuismitheora nó an chaomhnóra (tuismitheoir amháin nó caomhnóir amháin)
2. Sonraí do pháiste (nó páistí)
3. Rogha DG
4. Dearbhú agus toiliú (Tabhair faoi d'aire: Tá Cuid 4A roghnach)

### Seol an fhoirm chomhlánaithe go dtí:

Aonad Náisiúnta na gCártaí Leighis, An Cárta Cuairte DG – Faoi 6, Bosca Poist 12629, Baile Átha Cliath 11

### Cad a tharlóidh má tá mo pháistí ag freastal ar DG éagsúla?

Má tá do pháiste (nó páistí) ag freastal ar dhochtúirí éagsúla, beidh ort foirm chlárúcháin ar leith a líonadh do gach páiste agus ansin beidh ort síniú gach dochtúir a fháil ar an bhfoirm chú a bhaineann leis an bpáiste sin.

### Tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte DG ag mo pháiste (nó páistí) cheana féin. An bhfuil orm an fhoirm a líonadh?

Má tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte DG ag do pháiste (nó páistí) cheana féin, ní chaithfidh tú an fhoirm seo a líonadh de bhrí go bhfuil seirbhísí DG á fháil ag do pháiste (do pháistí) saor in aisce, cheana féin.

### Tá mo pháiste (nó páistí) beagnach 6, ar chóir dom iad a chlárú faoin scéim seo?

Ba chóir duit gach páiste atá faoi 6 bliana d'aois a chlárú. Beidh do pháiste san áireamh faoin scéim seo go dtí deireadh na míosa ina mbíonn an séú breithlá

### Rinne mé iarratas ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuairte DG – ar chóir dom an fhoirm seo a líonadh freisin?

Níor chóir. Má tá iarratas déanta agat cheana féin ar Chárta Leighis nó Cárta Cuairte DG, déanfar d'iarratas a mheas do cheann de na cártaí. Má tá do theaghlach i dteideal Cárta Leighis nó Cárta Cuairte DG, gheobhaidh gach duine sa teaghlach cárta Leighis/Cárta Cuairte DG. Mura n-éiríonn le d'iarratas ar Chárta Leighis nó cárta Cuairte DG, gheobhaidh do pháiste (nó páistí) atá faoi 6 bliana d'aois, Cárta Cuairte DG – Faoi 6.

## Seicliosta

- Ar chuir tú do shonraí, sonraí teagmhála, san áireamh isteach?
- Ar chuir tú sonraí do pháiste (nó do pháistí) isteach?
- An bhfuil DG roghnaithe agat agus ar líon agus ar stampáil an DG Cuid 3?
- Ar léigh tú an dearbhú agus ar shínigh tú é?

Má bhíonn aon cheist agat sula seolann tú an fhoirm seo, cuir gloach, más é do thoil é, ar Íosghlao **1890 252 919**.

### Seol an fhoirm chomhlánaithe más é do thoil é, go dtí:

**Cárta Cuairte DG – Faoi 6**  
**Bosca Poist 12629**  
**Baile Átha Cliath 11**